


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Acmhainní Daonna |
| **Scoil \| Aonad** | Bainistíocht Athruithe Eagraíochta |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Ceann Bainistíochta Athruithe agus Cumarsáide |
| **Tréimhse an Phoist** | Sealadach – 12 mhí ar théarma seasta |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin Sinsearach IV |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 6 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2023-07-057 |
| **Bainisteoir Líne** | Bainisteoir Athruithe Eagraíochta UCD |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018039 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Nicole Johnston |

## Achoimre ar an bPost:

Sa ról seo, beidh freagracht as cabhrú le Straitéis Athruithe Eagraíochta (ECM) UCD a chur i bhfeidhm chomh maith le cur i bhfeidhm rathúil sraithe de mhórthionscnaimh straitéiseacha a stiúradh chun tacú le huaillmhianta straitéiseacha na hollscoile, agus ar deireadh thiar, tacú leis an Ollscoil toradh a fháil ar a hinfheistíocht i mórchláir athruithe straitéiseacha um theicneolaíocht, daoine agus próiseas (ECM) agus buntáistí a bhaint astu. Tá an ról seo freagrach do Bhainisteoir Athruithe Eagraíochta UCD.

Tá ról láidir ag an gCeann Bainistíochta Athruithe agus Cumarsáide maidir lena chinntiú go mbaineann tionscadail agus tionscnaimh na heagraíochta a spriocanna amach in am agus de réir buiséid trí chumas fostaithe a mhéadú athruithe a ghlacadh agus a úsáid. Díríonn sealbhóir an róil ar an taobh daonna den athrú, rud a chuimsíonn daoine a ullmhú, tacú leo agus cur ar a gcumas athrú ar phróisis ghnó, córais, agus teicneolaíocht ghnó, róil phoist agus struchtúir eagraíochtúla a ghlacadh agus a úsáid.

Agus iad ag obair le Bainisteoir Athruithe Eagraíochta na hOllscoile, cuireann an Fhoireann Bainistithe Athruithe le forbairt cumais eagraíochta na hOllscoile - trí thacú le ceannairí athruithe a chur in áit tosaíochta agus a stiúradh, cabhrú le daoine ar fud phobal na hOllscoile páirt a ghlacadh in athruithe pleanáilte agus neamhphleanáilte, glacadh leo agus dul in oiriúint dóibh - tacú le líonraí athruithe chun athrú a chur i bhfeidhm agus chun na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint as an athrú. Reáchtálfaidh an Fhoireann Bainistíochta Athruithe Ionad Barrfheabhais na hOllscoile um athruithe a bhainistiú, forbróidh agus bunóidh sí straitéis agus na huirlisí atá de dhíth chun tacú le hathruithe a bhainistiú san Ollscoil, agus earcóidh agus forbróidh sí speisialtóirí maidir le bainistíocht athruithe chun tacú le líonraí athruithe ar fud na hOllscoile. Is é fócas na foirne ná an taobh daonna den athrú.

I mí na Bealtaine, 2022 thosaigh UCD ag slógadh Clár ilbhliantúil um Oibríochtaí agus Bunathrú Seirbhísí. Is í aidhm an bhunathraithe dhigitigh seo ar oibríochtaí, atá dírithe ar sheirbhís, ná:

1) Eispéireas níos fearr a chruthú d'acadóirí, mic léinn agus baill foirne UCD;
2) Teagasc UCD, ár dtaighde, ár scoláireacht agus ár seirbhísí do mhic léinn agus do bhaill foirne a dhéanamh níos ábalta;
3) Scileanna, inniúlachtaí, tacaíochtaí agus poist na ndaoine a chuireann na próisis, na córais agus na Tacaíochtaí seo ar fáil a fheabhsú;
4) Straitéis agus uaillmhianta UCD a chur i bhfeidhm níos fearr; agus
5) Cur ar chumas UCD a bheith athléimneach ar bhealach níos fearr maidir le héilimh agus brúnna seachtracha.

Tá an clár duineláraithe chun: (i) a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí, próisis agus córais dírithe ar fhreastal ar riachtanais na ndaoine inár bpobal; agus (ii) cur chuige duineláraithe a úsáid chun comhtháthú, cuíchóiriú agus simpliú tacaíochtaí agus seirbhísí a bhrú chun cinn. Is bunathrú digiteach ar oibríochtaí é an clár seo atá dírithe ar sheirbhís.

Beidh sealbhóir an róil i gceannas ar ghníomhaíochtaí Bainistíochta Athruithe agus Cumarsáide le haghaidh clár amhail CRM na hOllscoile, FinPOST córas nua airgeadais agus tacóidh sé/sí le tionscnaimh dearaidh um eagraíochtaí tacaíochta. Leis an dá mhórchóras seo, feabhsófar an bealach ina n-oibrímid, is fágfar gur féidir úsáid níos éifeachtúla a bhaint as faisnéis agus ar deireadh thiar go mbeidh níos mó ama saor acu siúd a úsáideann na córais seo.

Beidh taithí mhaith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ar Bhainistíocht Athruithe, Cumarsáid agus Dearadh Cumarsáide. Beidh eitic oibre láidir ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi agus beidh sé/sí an-solúbtha agus beidh an-taithí aige/aici ar thacú le sruthanna oibre éagsúla.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Tuairisciú do Bhainisteoir Athruithe Eagraíochta na hOllscoile, agus i ról an chinn bainistíochta Athruithe agus cumarsáide, cuimseofar na rudaí seo a leanas ach ní bheidh sé teoranta dóibh: - cur chuige na hOllscoile maidir le bainistíocht athruithe a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach. - obair laistigh d'fhoirne tionscadail mar an 'Ceann Athruithe' chun tionchar athraithe tionscadail a mheas, anailís a dhéanamh ar riachtanais páirtithe leasmhara ar riachtanais chumarsáide agus rannpháirtíochta, agus tacaíocht do bhainistíocht athruithe a phleanáil. - cabhrú le dearadh na hoiliúna bainistíochta athruithe agus na forbartha cumais, eolas agus cumas bainistíochta athruithe a fhorbairt i bhfoirne ar fud na hOllscoile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-earcóidh agus go bhforbróidh Bainisteoir Athruithe Eagraíochta na hOllscoile ról an 'Ceann Athruithe' ach go bhféadfaí é a shannadh don iliomad tionscadal ag an am céanna, tionscadail aonair ag brath ar an scála, agus/nó obair laistigh den fhoireann Bainistíochta Athruithe ag brath ar na tosaíochtaí. Agus é/í curtha i mbun oibre ar thionscadail, daingneofar a g(h)níomhaíochtaí agus t(h)osaíochtaí ó lá go lá sa tionscadal sin.

I measc mórfhreagraíochtaí an róil seo, tá:

- Modheolaíocht struchtúrtha a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe a stiúradh, an rogha modheolaíochta, próisis agus uirlisí bainistíochta athruithe a úsáid chun straitéis a chruthú a thacóidh leis na hathruithe a éilíonn tionscnamh nó tionscadal a ghlacadh.
- Tacú le hiarrachtaí cumarsáide, dearadh, forbairt, soláthar agus bainistiú príomhchumarsáide a chumasú.
- Tionchar an athraithe a mheas, anailísí tionchair a dhéanamh, ullmhacht don athrú a mheas agus príomhpháirtithe leasmhara a shainaithint.
- Tacú le hiarrachtaí oiliúna, ionchur a sholáthar, riachtanais a thaifeadadh, agus tacú le dearadh agus soláthar clár oiliúna.
- Measúnuithe bainistíochta athruithe a chur i gcrích
- Pleananna maolaithe riosca a shainaithint, a anailísiú agus a ullmhú, cur i gcoinne a bhfuiltear ag súil leis nó atá leanúnach a shainaithint agus a bhainistiú.
- Spriocanna inghnóthaithe inghníomhaithe a chruthú do na pleananna bainistíochta athruithe lárnacha: Plean Urraí, Plean Bainistíochta Daoine, Plean Cumarsáide, agus Plean Oiliúna
- Bainisteoirí daoine a chóitseáil agus iarrachtaí a chomhordú le speisialtóirí eile
- Gníomhaíochtaí bainistíochta athruithe a chomhtháthú sa phlean tionscadail
- Ullmhacht úsáideora a mheas agus a chinntiú, fadhbanna a rianú agus a thuairisciú

- Méadracht ratha a shainiú agus a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an athraithe
- Tacú le bainistíocht athruithe ag leibhéal na hOllscoile
- Freagrach as pleanáil agus feidhmiú bainistíochta athruithe ag leibhéal an tionscadail, lena n-áirítear treochlár bainistíochta athruithe agus 'amharc leibhéil cláir aonair' athraithe a fhorbairt agus a ailíniú i dtionscadal ábhartha, i gcomhar leis an Stiúrthóir Cláir
- An straitéis agus cur chuige athruithe a shocrú don tionscadal, athmheasúnú a dhéanamh agus breathnú chun cinn go seasta chun ailíniú le fís agus spriocanna uileghabhálacha an chláir a chinntiú
- Ailíniú agus sineirge le straitéis, cur chuige, modhanna agus uirlisí uileghabhálacha na feidhme Bainistíochta Athruithe Eagraíochta a chinntiú
- Comhairle agus dea-chleachtais a sholáthar ar uirlisí, cleachtais agus modhanna oibre bainistíochta athruithe
- A chinntiú go bhfuil tionscadail UCD ag cloí leis an bpróiseas bainistíochta athruithe cláir comhaontuithe trí mhaoirseacht agus monatóireacht a chur ar fáil
- Measúnaithe tionchair athruithe agus ullmhachta a dhéanamh ina sainaithnítear athruithe nó bearnaí móra agus lena gcabhraítear le bearta réamhghníomhacha a dhéanamh chun rioscaí a íoslaghdú
- Pleananna cumarsáide uileghabhálacha a fhorbairt, agus pleananna cumarsáide tionscadail a bheith mar chuid díobh
- Forbairt táirgí cumarsáide a fhorbairt, chomh maith leis an suíomh idirlín, agus dul i dteagmháil le feidhmeanna cumarsáide lárnacha na hollscoile
- Tacú le bainisteoirí agus foirne tionscadail maidir le bainistíocht athruithe a chur i bhfeidhm laistigh dá dtionscadail trí fhorbairt cumais fhiúntach agus ailínithe.
- Freagrach as sonraí a bhaineann le hathrú agus tuairisciú don Stiúrthóir Cláir agus don UMT ag leibhéal an chúraim.
- Tacú le bainisteoirí athruithe/tionscadail i dtaca le húsáid straitéise ECM, modheolaíochtaí, uirlisí agus acmhainní UCD.
- Forbróidh sealbhóir an róil comhpháirtíocht chomhoibritheach le Forbairt Daoine agus Eagraíochta, Agile, Foirne Tionscadail agus Seirbhísí TF maidir le forbairt a gcuid cumas agus acmhainneachta i gcomhréir le straitéis Bainistíochta Athruithe Eagraíochta UCD.
- Comhoibriú ar gach leibhéal san Ollscoil (leibhéal sinsearach san áireamh) chun tionchar a imirt ar thionscadal/clár faoi seach agus a aidhmeanna, comhairle a thabhairt air agus rannpháirtíocht a fhorbairt ann
- Mapáil agus teagmháil le príomhpháirtithe leasmhara chun a dtacaíocht agus a dtuiscint a chinntiú

- Ní mór d'iarratasóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú.

**Tuarastal: 95 Leibhéal Riaracháin Sinsearach_2013 (2010) (7078) €67,984 - €107,940 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Cnuasach Poist in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na Bainistíochta agus Oibríochtaí Acadúla agus Clár, agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 6. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasach Post le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 7+ mbliana de thaithí ghairmiúil ábhartha, lena n-áirítear 3 bliana ag obair ag leibhéal idirmheánach in eagraíocht mhór nó in institiúid threasach, go hidéalach le taithí oibríochtaí agus bainistíochta clár agus/nó cáilíocht céime tríú leibhéal.
- Taithí ar Ollscoil nó institiúid mhór i bpost bainistíochta athruithe agus/nó post cumarsáide nó a chomhionann
- Tuiscint ar mhodheolaíochtaí bainistíochta athruithe e.g. PROSCI
- Taithí / tuiscint ar an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm: bunathruithe digiteacha agus dírithe ar sheirbhís; bunathruithe oibríochtaí atá dírithe ar dhaoine.
- Taithí shuntasach ar chomhoibriú agus tionchar a imirt ag leibhéal sinsearach ina leithéid d'eagraíochtaí
- Tuiscint ar eispéireas cláir agus bainistíochta tionscadail nó teastas ina leithéid lena n-áirítear modheolaíochtaí aitheanta a úsáid (e.g. Agile, Prince 2, PMP, $PM^2$ etc.); tá forbairt clár / foirne tionscadail inmhianaithe

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Athléimneacht Oibríochtúil:** Ardchumas teacht aniar agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú, agus diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a thaispeáint roimh thimpeallacht athraitheach nó céimeanna ar gcúl. Áirítear leis sin teacht aniar ó dhíomá nó achrann, gan ligean dá leithéid sin tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht leanúnach.

- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle:** Cumas iontach tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do scoláirí, don fhoireann teagaisc agus do bhaill foirne. Cuimsíonn sé seo leas agus folláine na mac léinn agus na mball foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibriúcháin, i gcásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus monatóireacht ar dhul chun cinn agus a bheith in ann a aithint nuair atá idirghabhálacha breise de dhíth agus an cumas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha agus cleachtas a fhorbairt bunaithe ar mhachnamh agus athbhreithniú.

- **Grinneas Teicniúil:** Sárchumas smaoineamh ar bhealaí le forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Sárchumas treochtaí a aithint ó thaobh teoiricí agus cleachtais de ina réimse teicniúil féin agus ullmhú go héifeachtach d'athruithe a bhfuiltear ag súil leo.

**Croí-inniúlachtaí**

- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas Bainistíochta Tionscail ardfhorbartha le cinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.

- **Caidrimh a Fhorbairt**: Sárchumas chun caidrimh éifeachtach oibre a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne, comhoibriú agus comhar a spreagadh le daoine eile agus comhpháirtíocht a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- **Pleanáil agus Eagrúchán:** Sárchumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh óna chéile chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

- **Athrú a Bhainistiú** : Cumas leathan chun cur chuige dearfach a thógáil i dtaca le dul i mbun oibre agus chun glacadh le hathrú, chun timpeallacht nuálaíochta agus athraithe a chothú agus chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a chinntiú i dtaca le cláir/tionscadail athraithe.

- **Ag Obair go Straitéiseach:** Cumas láidir fís a fhorbairt don Scoil/Aonad/Choláiste, an fhís sin a chur i bhfeidhm agus fís UCD a chur in iúl ar bhealaí a mheallfaidh tacaíocht ó dhaoine eile.

- **Daoine a Threorú:** Cumas suntasach tionchar a imirt ar dhaoine eile ar bhealach dearfach, foirne éifeachtacha a ailíniú agus a thógáil taobh istigh den Scoil/Aonad/Coláiste agus ar fud UCD agus a bheith ag obair go héifeachtach le lucht ardbhainistíochta agus le pobail acadúla agus gnó na hOllscoile.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú**: Cumas suntasach an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú.

- Ní mór d'iarratasóirí a léiriú conas a chuirfidh siad go dearfach le timpeallacht ionchuimsitheach agus leibhéal feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chothú

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/hr/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

## Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

| | |
|---|---|
| Ainm: | Helen Doyle |
| Seoladh r-phoist: | helen.doyle@ucd.ie |